# An Teaghlach

*TEG B1: Aonad 2*

## SAN AONAD SEO

### Foghlaimeoidh tú conas:

- Cur síos a dhéanamh ar do theaghlach féin;
- Eolas a lorg faoi theaghlaigh eile;
- Labhairt faoi ócáidí teaghlaigh.

### Díreofar ar na míreanna seo gramadaí:


- An focal 'bliain' agus na huimhreacha pearsanta;
- Na horduimhreacha;
- An struchtúr 'Is é Colm an duine is sine'.



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# A: STÓR FOCAL: BAILL AN TEAGHLAIGH

Féach ar an léaráid thíos agus líon na bearnaí.




1. Is iad Mary agus Ed …………………............... Jim.
2. Is í Sarah ………………................................ Ed.
3. Is é Larry ………………................................ Mary.
4. Is é Ed ………………..................................... Tony.
5. Is í Mary ………………................................. Emma
6. Is í Emma ……………….............................. Jacob
7. Is é Jacob ……………….............................. Emma
8. Is é Ed ……………….................................... Mary
9. Is iad Jim agus Bess …………………............ Tony
10. Is iad Emma agus Jacob ……………….......... Jim
11. Is í Emma ………………............................. Jim
12. Is é Tony ………………………………………. Jim
13. Is é Jim …………………………………………. Tommy
14. Is í Bess ………………………………………... Tommy
15. Is í Mary ……………………………………….. Tony
16. Is é Ed …………………………………………. Emma
17. Is é Tony ………………………………………. Emma
18. Is í Emma ……………………………………... Ed
19. Is é Tommy ……………………………………. Mary
20. Is é Larry ………………………………………. Jim
21. Is í Sarah ………………………………………. Jim
22. Is é Jim ………………………………………… Sarah
23. Is í Bess ……………………………………….. Sarah
24. Is é Larry ………………………………………. Ed
25. Is í Sarah ………………………………………. Mary
26. Tá Tony agus Tommy ar comhaois. Is ……………….. iad

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


# A: STÓR FOCAL: BAILL AN TEAGHLAIGH (ar lean)

Cad is brí leis na focail seo thíos?

| Ainmfhocal | Brí | Uimhir iolra | Ainmfhocal | Brí | Uimhir iolra |
|---|---|---|---|---|---|
| Garpháiste | | | Leasmháthair | | |
| Garmhac | | | Leasathair | | |
| Gariníon | | | Leasdeartháir | | |
| Máthair c**h**éile | | | Col ceathrair | | |
| Athair céile | | | Leanbh | | |
| Deartháir céile | | | Páiste | | |
| Deirfiúr c**h**éile | | | Páirtí | | |

1. Cén difear atá idir na focail seo: ‘clann’, ‘teaghlach’, ‘muintir’?
2. Cén Ghaeilge atá ar ‘*grandparents’* agus ‘*stepsister’?*
3. Cén Ghaeilge atá ar ‘*my family’, ‘his grandchildren’, ‘her husband’, ‘our children’, ‘your cousins’?*

Féach ar chrann ginealaigh Aisling thíos. An féidir leat do cheann féin a chruthú? Ní gá go mbeadh sé fíor! Nuair a bheidh sé críochnaithe agat, déan cur síos ar do mhuintir le do pháirtí. Cuirigí go leor ceisteanna ar a chéile! Cabhróidh do mhúinteoir leat leis an stór focal.



# B: FEASACHT TEANGA

## 1. An focal 'bliain'

Is ainmfhocal neamhrialta é an focal **'bliain'** nuair a bhíonn tú ag comhaireamh. Féach an tábla thíos:

| 1 | 2 | 3-6 | 7-10 | 20, 30, 40. . . |
|---|---|---|---|---|
| bliain (amháin) | dhá bhliain | trí bliana | ocht mbliana | fiche bliain |

**Bí ag obair leis an duine atá in aice leat agus cuirigí Gaeilge ar na habairtí seo:**

| | |
|---|---|
| Seán is a teenager; he'll be 13 soon. | |
| Muireann is 18. | |
| I would love to be 30 again! | |
| She is a great age! She will be 100 years of age next year. | |
| Sadhbh is 2 today! | |
| I will be 21 next year. | |
| The twins will be 10 in the summer. | |
| My mother and father are the same age; they are both 57. | |

**2. Na huimhreacha pearsanta.** Cad atá ar eolas agat faoi na huimhreacha pearsanta? Líon isteach an tábla thíos leis an eolas atá agat cheana. Cuirfidh an múinteoir an leagan ceart ar fáil ar ball beag.

| | | | |
|---|---|---|---|
| one person | *duine amháin* | six people | |
| two people | | seven people | |
| three people | | eight people | |
| four people | | nine people | |
| five people | | ten people | |

**3.** Is é an ginideach iolra a úsáidtear leis na huimhreacha pearsanta:
'beirt deartháireacha', 'triúr deirfiúracha', 'seisear iníonacha', 'triúr páistí', 'cúigear leanaí'.

Bí cúramach leis na lagiolraí, áfach: 'beirt m**h**ac', 'triúr mac', 'ceathrar ban', 'cúigear fear'.

**Ní gá a bheith buartha faoi na rialacha ar fad go fóill ach bí in ann a rá cé mhéad deartháir/deirfiúr/páiste atá agat féin agus é sin a dhéanamh go cruinn! Scríobh amach anois cé mhéad duine atá i do theaghlach.**

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Seo gluais bheag a chabhróidh leat:

- Scéal casta: *a complicated story*
- Sílim: *I think*
- Cúpla uair: *a few times*
- Dhá uair: *twice*

# C: CLUASTUISCINT

**Beidh tú ag éisteacht le Sinéad ag cur agallaimh ar Pheadar Smyth faoina chúlra grá.**

Tá an mhír ar fáil anseo: https://www.teg.ie/_fileupload/mp3/teagasc/A2/complete/02.mp3 (ar fáil ag 1:50). Déan iarracht na ceisteanna seo thíos a fhreagairt tar éis éisteacht leis an mír.

| Cén fhad a bhí Peadar pósta leis an gcéad bhean? | |
|---|---|
| 7 mbliana | |
| Bliain amháin | |
| 10 mbliana | |
| 5 bliana | |

| Cén fhad a bhí sé pósta leis an dara bean? | |
|---|---|
| 9 mbliana | |
| 6 bliana | |
| 2 bhliain | |
| 10 mbliana | |

| Cén fhad atá sé ag siúl amach leis an mbean nua? | |
|---|---|
| 2 bhliain | |
| 8 mbliana | |
| 3 bliana | |
| 4 bliana | |

| Cad as don bhean nua atá ag Peadar? | |
|---|---|
| as Éirinn | |
| as an bhFrainc | |
| as Sasana | |
| as an Iodáil | |

**Léigh an comhrá thíos os ard le do pháirtí:**

Aoife: An bhfuil páistí agat?
Liam: Tá. Tá siad ina gcónaí lena máthair.
Aoife: Ó, an bhfuil? Cé mhéad páiste atá agat?
Liam: Tá triúr mac agam.
Máire: Tá sé sin go hálainn ar fad. Cén aois atá siad?
Liam: Is é Colm an duine is sine, tá sé ocht mbliana d'aois. Tá Oisín sa lár, tá sé seacht mbliana agus is é Joe an duine is óige. Tá sé trí bliana d'aois.

Cén stádas pósta atá ag Liam, meas tú?

Conas a déarfá na rudaí seo: '*Colm is the first child*', '*Oisín is the second*' agus '*Joe is the third child*'?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CLUASTUISCINT (AR LEAN)

Féach ar an dá phictiúr seo thíos, A agus B. Lig ort féin gurb iad do chuid páistí féin atá i gceann de na pictiúir.

Taispeáin an pictiúr do do pháirtí agus inis dó/di faoi do chlann. Bain úsáid as do chuid samhlaíochta!

Luaigh ainm agus aois na bpáistí. Ná déan dearmad ar na frásaí ‘is sine’ agus ‘is óige’! Féach ar an gcomhrá thuas arís le treoir a fháil.





© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# D: LABHAIRT

1. Stór focal a bhaineann le stádas pósta. Líon na bearnaí leis an bhfocal cuí.

colscaradh geallta pósta scartha singil

a) Tá Luke _______________. Níl aon chailín aige faoi láthair.

b) Tá Caoimhe _______________. Beidh bainis mhór aici sa samhradh!

c) Tá Pádraig ___________________. Tá sé lena bhean chéile le fiche bliain.

d) Tá ________________ faighte ag Marcus óna iarbhean chéile. Phós sí fear eile an bhliain seo caite.

e) Ceapaim go bhfuil Máire agus Liam ______________ óna chéile. Dúirt Seán liom nach bhfuil siad ina gcónaí le chéile níos mó.

2. Beidh tú ag obair le duine amháin eile agus beidh sibh ag tabhairt eolais dá chéile faoi bhur dteaghlaigh. Beidh Ról A ag duine amháin agaibh agus Ról B ag an duine eile.

Lig ort féin gurb iad seo thíos, sna pictiúir, do leanaí nó do dheartháireacha/dheirfiúracha. Déan cur síos ar:

- cé mhéad acu atá ann;
- cén aois atá acu go léir;
- cad atá ar siúl acu go léir (áit chónaithe, scoil, obair agus araile);

Cuir go leor ceisteanna ar do pháirtí agus bain úsáid as do chuid samhlaíochta!

**Ról A**



**Ról B**



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# E: LABHAIRT

## Ag fáil eolais faoin teaghlach

Bí ag obair leis an duine atá in aice leat chun na freagraí cearta diúltacha agus dearfacha a thabhairt ar na ceisteanna seo thíos.

a) An bhfuil tú muinteartha do Mhicheál?
b) An bhfuil gaol agat le Síle?
c) An í Áine an duine is óige?
d) An bhfuil páistí agaibh?
e) An páiste aonair thú?
f) An é Fionn an duine is sine?
g) An tusa an duine is óige sa chlann?
h) An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat?

Cén patrún a fheiceann sibh?

Cathain a úsáideann tú 'Tá'/'Níl' mar fhreagra?

Cathain a úsáideann tú 'Is ea'/'Ní hea' mar fhreagra?

Siúil timpeall an ranga anois agus aimsigh daoine sa rang a bhfuil na ráitis thíos fíor fúthu:

| | |
|---|---|
| **Duine a bhfuil triúr deartháireacha aige/aici.** | |
| **An duine is óige sa teaghlach.** | |
| **Duine ar páiste aonair é/í.** | |
| **Duine a bhfuil madra aige/aici.** | |
| **Duine nach bhfuil carr aige/aici.** | |
| **An duine is óige sa rang.** | |
| **Duine a bhfuil gaol aige/aici le duine cáiliúil.** | |
| **Duine a bhfuil páistí aige/aici.** | |
| **An duine is sine sa teaghlach.** | |
| **Duine a bhfuil beirt deirfiúracha aige/aici.** | |
| **Duine atá pósta.** | |
| **Duine a bhfuil teach aige/aici sa Ghaeltacht.** | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# F: LABHAIRT

## Ócáidí teaghlaigh agus ceiliúrtha






Déan féin agus do pháirtí iarracht smaoineamh ar cad a déarfadh sibh sna comhthéacsanna seo a leanas:

1. Is é breithlá do charad é.

2. Tá leanbh nua ag do chomhghleacaí.

3. Tá post nua faighte ag do dheartháir.

4. Tá cara leat geallta.

5. D’éirigh le do dheirfiúr ina cuid scrúduithe.

6. An 25 Nollaig atá ann!

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# G: LÉAMHTHUISCINT

**Léigh an cur síos atá déanta thíos ar dhaoine agus ar theaghlaigh cháiliúla. An aithníonn tú iad? Scríobh do chuid freagraí sna bearnaí.**

| | |
|---|---|
| Tá triúr deirfiúracha agus deartháir amháin sa teaghlach clúiteach ceolmhar seo. Tógadh i gContae Lú iad.<br><br>Cé hiad? | |
| Is as an Astráil an bheirt deirfiúracha cáiliúla seo. Is ceoltóirí iad beirt ach tá an duine is sine níos cáiliúla. Bíonn sise ag aisteoireacht chomh maith agus is maith le Leo Varadkar í! Tá gruaig fhionn ar dhuine acu agus gruaig dhubh ar an deirfiúr eile.<br><br>Cé hiad? | |
| Tá an bhean seo pósta le fear an-saibhir. Is é a hathair céile an fear is cumhachtaí i Sasana. Maraíodh a máthair chéile i dtimpiste bhóthair roinnt blianta ó shin. Deirtear sna meáin nach réitíonn sí lena deartháir céile ná lena bhean chéile siúd.<br><br>Cé hí féin? | |
| Rugadh i Luimneach é ach chaith sé a óige ina chónaí ar fheirm i gCo. an Chláir lena aintín agus lena uncail. Ba léachtóir le polaitíocht i nGaillimh é agus bhí sé ina Theachta Dála (TD) ar feadh na mblianta. Tá sé pósta agus tá ceathrar leanaí aige. Is seanadóir í a iníon.<br><br>Cé hé féin? | |
| Rugadh an fear seo i Mississippi in 1935. Bhí deartháir amháin aige agus bhí tionchar mór ag a mháthair air. Bhí sé pósta agus bhí iníon amháin aige. Cailleadh a iníon an bhliain seo caite. Fuair sé féin bás in 1977.<br><br>Cé hé féin? | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# H: CLUASTUISCINT

Cloisfidh tú daoine éagsúla anseo ag caint faoi ghaolta agus cairde. Éist go cúramach agus cuir tic leis na ráitis atá fíor agus bréagach.

Tá an traic ar fáil anseo: https://www.teg.ie/_fileupload/mp3/teagasc/B1/complete/02.mp3

| Cainteoir 1: Cé acu de na ráitis seo thíos atá fíor? | |
|---|---|
| a. Is é Seán an duine is sine agus tá sé pósta sa Fhrainc. | |
| b. Is é Pól an dara duine is sine agus tá sé pósta sa Fhrainc. | |
| c. Is é Pól an duine is sine agus tá sé pósta sa Fhrainc. | |

| Cé acu de na ráitis seo thíos atá fíor? | |
|---|---|
| a. Tá an bheirt chailíní ag staidéar sa choláiste anois. | |
| b. Tá an bheirt chailíní ag obair anois. | |
| c. Tá Ciara sa choláiste agus tá post ag Clár. | |

| Comhrá 1: Cé acu de na ráitis thíos atá fíor faoi Shinéad agus faoi Shéan? | |
|---|---|
| a. Bhuail siad le chéile le déanaí. | |
| b. Phós siad le déanaí. | |
| c. Beidh siad ag pósadh i gceann bliana. | |

| Comhrá 2: An bhfuil Ciarán sásta dul go dtí an chóisir? | |
|---|---|
| a. Níl sé ar fáil, ar an drochuair. | |
| b. Tá. Beidh sé ann go cinnte. | |
| c. Ní maith leis cóisirí. | |

| Comhrá 3: Cé acu de na ráitis thíos atá fíor faoi Jan agus faoi Mháire? | |
|---|---|
| a. Tá siad scartha. | |
| b. Tá siad le pósadh. | |
| c. Níl siad le chéile níos mó. | |

| Comhrá 4: Cén fáth a mbeidh Pól agus a chara ag tabhairt cuairt ar Shorcha? | |
|---|---|
| a. Toisc gur thug sí cuireadh chun dinnéir dóibh. | |
| b. Toisc go raibh leanbh aici. | |
| c. Toisc nach bhfaca siad le fada í. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# I: MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | ☺ | 😐 | ☹ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2: Líon isteach na heochairfhocail ón aonad seo:**

| | Gaeilge | Béarla | | Gaeilge | Béarla |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.** | | | **16.** | | |
| **2.** | | | **17.** | | |
| **3.** | | | **18.** | | |
| **4.** | | | **19.** | | |
| **5.** | | | **20.** | | |
| **6.** | | | **21.** | | |
| **7.** | | | **22.** | | |
| **8.** | | | **23.** | | |
| **9.** | | | **24.** | | |
| **10.** | | | **25.** | | |
| **11.** | | | **26.** | | |
| **12.** | | | **27.** | | |
| **13.** | | | **28.** | | |
| **14.** | | | **29.** | | |
| **15.** | | | **30.** | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

## C. CLUASTUISCINT

Sinéad: Dia dhuit, a Pheadair, conas atá tú?
Peadar: Go maith, a Shinéad. Go maith.
Sinéad: Anois, a Pheadair. Tá scéal casta grá agatsa, sílim. Bhís pósta cúpla uair, nach raibh?
Peadar: Bhí. Bhí mé pósta dhá uair. Leis an gcéad bhean ar feadh deich mbliana agus leis an mbean eile ar feadh dhá bhliain.
Sinéad: Agus cén fhad atá tú colscartha anois?
Peadar: Le cúig bliana anuas. Ach, tá mé ag siúl amach le bean álainn ón Fhrainc anois.
Sinéad: An bhfuil? Nach breá duit? Cén fhad atá tú ag dul amach leis an mbean nua seo?
Peadar: Le ceithre bliana. Tá muid an-sásta ar fad.

## H. CLUASTUISCINT

**Cainteoir 1** Mise Siobhán Bean Uí Ghearailt. Seo m'fhear céile Peadar, agus seo ár mac is sine Seán, agus is é Pól an dara duine is sine. Tá Pól pósta sa Fhrainc agus tá beirt mhac aige féin agus iníon amháin. Seo iad Clár agus Ciara, is cúpla iad. Is í Clár an duine is óige, tá sí cúig nóiméad níos óige ná Ciara. Tá an bheirt acu tar éis tosú ar an Ollscoil.

**Comhrá 1**

- Ar chuala tú an scéal, a Áine?
- Níor chuala! Inis dom!
- Bhuel, tá Sinéad agus Séan le pósadh.
- Ní chreidim thú! Cén uair?
- Tá sé fíor, an bhliain seo chugainn!

**Comhrá 2**

- Hé, a Chiaráin, tá cóisir sa teach againn amárach!
- An bhfuil? Cad ina thaobh?
- Mo bhreithlá atá ann inniu.
- Comhghairdeas, beidh mé ann cinnte.

**Comhrá 3**

- An raibh a fhios agat go raibh Jan agus Máire geallta?
- Ní raibh a fhios agam ar chor ar bith, shíl mé go raibh siad scartha le tamall anois.
- Bhí, ach tá siad le chéile anois le cúpla seachtain agus, bhuel, tá siad geallta.
- Tá sé sin deacair le creidiúint!

**Comhrá 4**

- Rugadh buachaill beag do Shorcha, an raibh a fhios agat?
- Ar rugadh? Tá sé sin go hiontach ar fad! Ní raibh a fhios agam in aon chor a Phóil, go raibh maith agat as a rá liom.
- Beidh mé ag tabhairt cuairte uirthi amárach, ar mhaith leat teacht liom?
- Sin tuairim mhaith, yeah, cinnte, rachaidh mé leat.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# FREAGRAÍ

## A: STÓR FOCAL

1. Is iad Mary agus Ed leanaí/páistí Jim
2. Is í Sarah bean chéile Ed
3. Is é Larry fear céile Mary
4. Is é Ed athair Tony
5. Is í Mary máthair Emma.
6. Is í Emma deirfiúr Jacob
7. Is é Jacob deartháir Emma
8. Is é Ed deartháir Mary
9. Is iad Jim agus Bess seantuismitheoirí Tony
10. Is iad Emma agus Jacob garpháistí Jim
11. Is í Emma gariníon Jim
12. Is é Tony garmhac Jim
13. Is é Jim seanathair Tommy
14. Is í Bess seanmháthair Tommy
15. Is í Mary aintín Tony
16. Is é Ed uncail Emma
17. Is é Tony col ceathrar Emma
18. Is í Emma neacht Ed
19. Is é Tommy nia Mary
20. Is é Larry cliamhain Jim
21. Is í Sarah banchliamhain Jim
22. Is é Jim athair céile Sarah
23. Is í Bess máthair chéile Sarah
24. Is é Larry deartháir céile Ed
25. Is í Sarah deirfiúr chéile Mary
26. Tá Tony agus Tommy ar comhaois. Is cúpla iad.

| Ainmfhocal | Brí? | Uimhir iolra | Ainmfhocal | Brí? | Uimhir iolra |
|---|---|---|---|---|---|
| Garpháiste | **Grandchild** | **Garpháistí** | Leasmháthair | **Stepmother** | **Leasmháithreacha** |
| Garmhac | **Grandson** | **Garmhic** | Leasathair | **Stepfather** | **Leasaithreacha** |
| Gariníon | **Grand-daughter** | **Gariníonacha** | Leasdeartháir | **Stepbrother** | **Leasdeartháireacha** |
| Máthair chéile | **Mother-in-law** | **Máithreacha céile** | Col ceathrair | **Cousin** | **Col ceathracha** |
| Athair céile | **Father-in-law** | **Aithreacha céile** | Leanbh | **Baby** | **Leanaí** |
| Deartháir céile | **Brother-in-law** | **Deartháireacha céile** | Páiste | **Child** | **Páistí** |
| Deirfiúr chéile | **Sister-in-law** | **Deirfiúracha céile** | Páirtí | **Partner** | **Páirtithe** |

2. Clann = na páistí a bhíonn ag duine
   Teaghlach = tuismitheoirí agus páistí
   Muintir: Is féidir ‘mo mhuintir’ a úsáid le tagairt a dhéanamh do ‘mo thuismitheoirí’, nó mar fhocal ginearálta ar nós ‘*my people*’, le tagairt a dhéanamh don teaghlach agus gaolta nó sinsir.
3. *Grandparents* = seantuismitheoirí, *stepsister* = leasdeirfiúr
4. *My family* = mo chlann, *his grandchildren* = a gharpháistí, *her husband* = a fear céile, *our children* = ár bpáistí, *your cousins* = do chol ceathracha

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

### 1. An focal ‘bliain’

| |
|---|
| Is déagóir é Seán; beidh sé trí bliana déag d’aois go luath. |
| Tá Muireann ocht mbliana déag d’aois. |
| Ba bhreá liom a bheith tríocha bliain d’aois arís! |
| Tá aois mhór aici! Beidh sí céad bliain d’aois an bhliain seo chugainn. |
| Tá Sadhbh dhá bhliain d’aois inniu! |
| Beidh mé bliain is fiche an bhliain seo chugainn. |
| Beidh an cúpla deich mbliana d’aois sa samhradh. |
| Tá mo mháthair agus m’athair ar comhaois; tá siad beirt seacht mbliana is caoga d’aois. |

### 2. Na huimhreacha pearsanta

| | | | |
|---|---|---|---|
| one person | *duine amháin* | six people | **seisear** |
| two people | **beirt** | seven people | **seachtar** |
| three people | **triúr** | eight people | **ochtar** |
| four people | **ceathrar** | nine people | **naonar** |
| five people | **cúigear** | ten people | **deichniúr** |

# D: LABHAIRT

a) Tá Luke **singil**. Níl aon chailín aige faoi láthair.
b) Tá Caoimhe **geallta**. Beidh bainis mhór aici sa samhradh!
c) Tá Pádraig **pósta**. Tá sé lena bhean chéile le fiche bliain.
d) Tá **colscaradh** faighte ag Marcus óna iarbhean chéile. Phós sí fear eile an bhliain seo caite.
e) Ceapaim go bhfuil Máire agus Liam **scartha** óna chéile. Dúirt Seán liom nach bhfuil siad ina gcónaí le chéile níos mó.

# E: LABHAIRT

a) An bhfuil tú muinteartha do Mhicheál? **Tá / Níl**
b) An bhfuil gaol agat le Síle? **Tá / Níl**
c) An í Áine an duine is óige? **Is í / Ní hí**
d) An bhfuil páistí agaibh? **Tá / Níl**
e) An páiste aonair thú? **Is ea/ Ní hea**
f) An é Fionn an duine is sine? **Is é / Ní hé**
g) An tusa an duine is óige sa chlann? **Is mé/ Ní mé**
h) An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat? **Tá / Níl**

3. Cathain a úsáideann tú ‘Tá’/’Níl’ mar fhreagra? **Leis an mbriathar ‘Bí’**
4. Cathain a úsáideann tú ‘Is ea’/’Ní hea’ mar fhreagra? **Ciallaíonn ‘is ea’ ‘*it is’* agus ‘ní hea’ ‘*it is not’*. Úsáidtear an freagra seo nuair atá an frása ‘An ea?’ sa cheist. Úsáidtear an forainm cuí má tá sé i gceist seachas ‘ea’, mar shampla ‘Is mé’, ‘Ní hé’, ‘Is iad’.**

# G: LÉAMHTHUISCINT

a) Na Corrs
b) Kylie agus Danni Minogue
c) Kate Middleton
d) Micheál D. Ó hUiginn
e) Elvis Presley

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 